C/2026/5549

27.10.2026

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Rialú, Gníomhachtú agus Socrúcháin Fostaíochta

(C/2026/5549)

Le linn na caibidlíochta maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus ar Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, leag roinnt Ballstát béim ar a thábhachtaí atá bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta do dhaoine dífhostaithe a théann chuig Ballstát eile seachas an Ballstát inniúil chun fostaíocht a lorg ann. Is cásanna iad sin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 64 agus 65 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, ina mbaineann duine atá go hiomlán dífhostaithe úsáid as an bhféidearthacht sochair dhífhostaíochta a choinneáil ón mBallstát inniúil ar feadh tréimhse theoranta ama, agus fostaíocht á lorg aige i mBallstát eile ag an am céanna. Le linn na tréimhse sin, ní mór don duine lena mbaineann clárú mar dhuine atá ag lorg oibre le seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit eile, a bheith faoi réir an nós imeachta rialaithe a eagraítear ansin agus cloí leis na coinníollacha a leagtar síos faoi reachtaíocht an Bhallstáit sin, amhail is dá mbeadh sochair dhífhostaíochta á bhfáil aige ón mBallstát sin.

Le linn na tréimhse sin, ní mór d'institiúid an Bhallstáit is faighteoir faisnéis ábhartha a sholáthar don Bhallstát inniúil ar bhonn míosúil maidir leis an obair leantach ar staid an duine dhífhostaithe, go háirithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an duine dífhostaithe fós cláraithe leis na seirbhísí fostaíochta agus an bhfuil na nósanna imeachta gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta atá i bhfeidhm ann á gcomhlíonadh aige.

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh daoine a onnmhairíonn a sochar dífhostaíochta go hiomlán na bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta uile atá i bhfeidhm sa Bhallstát is faighteoir, faoi na coinníollacha céanna le daoine dífhostaithe a fhaigheann sochair ón mBallstát sin. Aithníonn an Coimisiún freisin a thábhachtaí atá an comhar frithpháirteach chun tacú le faireachán agus rialú a dhéanamh ar dhaoine dífhostaithe agus na nósanna imeachta agus na bearta sa Bhallstát eile á gcomhlíonadh acu chun cur leis an seans go ndéanfar iad a athimeascadh sa mhargadh saothair agus an gá atá le faireachán agus rialú a fheabhsú a thuilleadh trí uathmhalartú struchtúrach sonraí maidir le hatosú oibre agus ioncam nó sochar eile ar a laghad. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, cothóidh an Coimisiún an comhar frithpháirteach, tacóidh sé leis na Ballstáit na forálacha maidir leis an malartú idir institiúidí a chur chun feidhme, i gcás inar gá, laistigh den chreat dlíthiúil athbhreithnithe agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar an gcur chun feidhme sin leis na Ballstáit.

I gcomhthéacs na hoibre ar an bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair, fiosróidh an Coimisiún conas na rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta a nuachóiriú agus a shimpliú a thuilleadh. Cuimseofar leis sin – *inter alia* – togra le haghaidh réiteach chun comhar agus malartú sonraí a neartú maidir le bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta idir na Ballstáit faoi chuimsiú oibleagáid tuairiscithe na mBallstát is faighteoirí. D'fhéadfaí a chuimsiú leis freisin malartú sonraí i gcás atosú oibre, nó foinsí eile ioncaim nó sochair eile a fháil. Ar an iomlán, bheadh sé d'aidhm aige sin feabhas a chur ar an bhfreagracht agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh daoine a onnmhairíonn a sochair go hiomlán na bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta sa Bhallstát glactha amhail is dá mbeadh sochair dhífhostaíochta á bhfáil aige ón mBallstát sin. Ní hamháin go méadódh sé sin an dóchúlacht go ndéanfaí duine dífhostaithe a imeascadh i margadh an tsaothair ach chuirfeadh sé leis an muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát sa chóras comhordaithe freisin. Sa ghearrthéarma, tosóidh an Coimisiún ag féachaint cheana féin faoin gcreat dlíthiúil athbhreithnithe ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an malartú faisnéise digitithe agus caighdeánaithe idir na Ballstáit maidir le rialú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine dífhostaithe a onnmhairíonn a sochair. Chuige sin, molfaidh an Coimisiún feabhsuithe ar na malartuithe sonraí idir na hinstitiúidí laistigh den Chóras um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) tríd an bpróiseas rialta bainistithe athruithe. Molfaidh an Coimisiún go mbeidh na réimsí caighdeánaithe sonraí lena ndeimhnítear cuardach gníomhach poist agus atosú oibre i gcás an duine ag feidhmiú go hiomlán faoi dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha.